Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/2007

13.4.2026

**Iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 31 Nollaig 2025 – Einlagensicherung AUSTRIA Ges.m.b.H., Kosch & Partner Rechtsanwälte GmbH, mar leachtaitheoir i ndócmhainneacht Commerzialbank Mattersburg im Burgenland AG v KL, Wohnbauvereinigung GFW Gemeinnützige GmbH**

**(Cás C-866/25, Einlagensicherung)**

(C/2026/2007)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberster Gerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóirí ar phointe dlí:* Einlagensicherung AUSTRIA GmbH agus Kosch & Partner Rechtsanwälte GmbH, mar leachtaitheoir i ndócmhainneacht Commerzialbank Mattersburg im Burgenland AG

*Cosantóirí san achomharc ar phointe dlí:* KL agus Wohnbauvereinigung GFW Gemeinnützige GmbH

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcaithfear Airteagal 6(2)(a) de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí ([1]) a léiriú sa chaoi go bhfuil taiscí comhlachais tithíochta, arna n-ionchorprú mar chuideachta faoi dhliteanas teoranta, a eascraíonn as árasán a dhíol ag an gcuideachta sin le duine nádúrtha, le haicmiú mar 'thaiscí a eascraíonn as idirbhearta eastáit réadaigh a bhaineann le maoin chónaithe phríobháideacha'?

([1]) IO 2014 L 173, S. 149